CEACHT 13

AR SCOIL



A. Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. Siúil go mall. Siúil go tapaidh.
Brostaigí.
Ná bí ag caint.

B. **Cloisteáil, Aithint, Aithris**

Bunchomhrá

Tá Colm agus Nuala ag súgradh. Nuala an múinteoir. Tá sí ag múineadh. Tá mála ag Colm. Thóg sé leabhar amach. Thóg sé peann luaidhe amach. Tá sé ag scríobh.

C. **Cleachtadh**

Cé hí Nuala?
Céard atá sí a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh aici?
Céard/Cad atá ag Colm?
Céard/Cad a thóg Colm amach?
Céard atá Colm a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh ag Colm?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,

m.sh. Nuala **an múinteoir/an siopadóir/an garda,** etc.
Thóg sé **leabhar/peann luaidhe/lón,** etc. amach.

D. **Leathnú**

Amhrán |(An ceol ar théip)

Tá mé ag dul ar scoil,
Ag dul ar scoil, ag dul ar scoil,
Tá mé ag dul ar scoil,
Ar a naoi a chlog ar maidin.